



An Roinn Airgeadais
Department of Finance

E109/108/2002

Sráid Mhuirfean Uacht,	Upper Merrion Street,	Telephone: 353-1-676 7571
Baile Átha Cliath 2,	Dublin 2,	Facsimile: 353-1-678 9936
Éire.	Ireland.	LoCall: 1890 66 10 10
		VPN: 8109
		http://www.irg.gov.ie/finance

25 Deireadh Fómhair 2002

Ciorclán 33/2002: Comórtas Teoranta le haghaidh Poist mar Ardoifigeach Feidhmiúcháin (Stiúrthóir Cúnta) sa Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe 7 Gaeltachta

A Dhuine Uasail,

1 Tá ordaithe dom ag an Aire Airgeadais iarratais a lorg ar cheapachán mar Ardoifigeach Feidhmiúcháin sa Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe 7 Gaeltachta. Tá post amháin le líonadh de thoradh an chomórtais faoi láthair, má thagann iarrthóir oiriúnach i láthair.

An post

2 Beidh oifigeach a cheapfar de thoradh an chomórtais seo ag cabhrú le Stiúrthóir (a bhfuil triúr díobh agus grád Phríomh-oifigigh Chunta acu ar fhoireann na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe 7 Gaeltachta) agus ag obair faoina threoir mar Stiúrthóir Cúnta sa Ghaeltacht agus sna hOileáin. Ar ball, áfach, beidh an t-oifigeach inaistrithe de réir mar a oirfidh do chúrsaí na hoibre.

3 Bunófar painéal mar thoradh ar an gcomórtas seo. Tá an folúntas reatha lonnaithe sna Doiri Beaga, Co. Dhún na nGall ach d'fhéadfaí aon fholúntas mar Stiúrthóir Cúnta a thiocefaidh chun cinn in áiteanna eile roimh 31 Nollaig, 2003, a líonadh ón bpainéal seo.

4 Ar na dualgais a thitfidh ar Ardoifigeach Feidhmiúcháin a cheapfar ón gcomórtas seo airítear:-

- fiafraithe a dhéanamh agus cuairteanna a thabhairt ar fud an cheantair chuí, de réir mar is gá;
- freastal ar chruinnithe de réir mar a bhíonn riachtanas leis, agus dearcadh na Roinne a mhiniú go poiblí i ndáil le cibé tograí a bhíonn i gceist;
- breithniú a dhéanamh agus tuarascálacha agus moltaí a thabhairt ar nithe a bhaineann le húsáid na Gaeilge mar theanga theaghlaigh agus mar theanga chaidrimh ag an bpobal;
- staidéar a dhéanamh agus tuarascálacha agus moltaí a thabhairt ar chur chun cinn na teanga agus ar chúrsaí sóisialacha agus eacnamaíocha;

D'aird gach Roinn

[In áit Roinn léigh Roinn Oifig sa Chiorclán seo ar fad]

- caidreamh agus comhoibriú a chothú le húdaráis oifigiúla agus le cumainn dheonacha;
- plé go ciallmhar críochnúil le heagraíochtaí áitiúla, m.sh., comharchumainn, coistí forbartha, etc;
- comhar, comhoibriú agus féinchuidiú a chothú i measc na ndaoine;
- comhairle a thabhairt maidir leis an mbealach is éifeachtúla chun leas a bhaint as scéimeanna Stáit, feidhmiú na scéimeanna sin a chur chun cinn agus scéimeanna nua oiriúnacha a mholadh.

Tá tuilleadh sonraí maidir le dualgais an phoist ar fáil san fhoirm Ról-Phróifíle iniata (**Aguisín I**) le seo. Mar is leir ón fhoirm Ról-Phróifíle beidh ar oifigeach a roghnófar taisteal de réir mar is gá.

5 Ní foláir d'iarrthóirí labhairt agus scríobh na Gaeilge a bheith ar a dtoil acu. Ba chabhair freisin dá mbeadh eolas ar chúrsaí na Gaeltachta agus na nOileán agus luí le cúrsaí eagraithe agus caidrimh a bheith acu.

Oifigigh atá i dteideal cur isteach ar an bpost:-

6 Is fostóir comhionannais deiseanna an Státseirbhís. Tugtar ardú céime laistigh den tseirbhís ar bhonn cáilíochtaí agus an chumais chun dualgais an ghráid nó an phoist a chomhlíonadh.

7 Is iad seo a leanas na hoifigigh atá i dteideal cur isteach ar an bpost:-

(i) Chun a bheith incháilithe d'iomaiócht ní mór d'iarrthóirí, ar an dáta a ndéanann siad iarratas do chomórtas a bheith ag tabhairt seirbhíse in acmhainn bhunaithe sa Státseirbhís (nó a bheith ar iasacht ag FÁS ón státseirbhís) i gceann de na gráid seo a leanas

- Ardoifigeach Feidhmiúcháin (lena n-áirítear Anailísí Córas/HEO);
- Oifigeach Riaracháin;
- Treas Rúnaí sa Roinn Gnóthaí Eachtracha;
- Iniúcháir in Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste;
- Cléireach sinsearach in Oifig Thithe an Oireachtais;
- Anailísí Córas i Rannán TE agus Teileachumarsáide ag Ceannteathrú Gharda Síochána na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí;
- Oifigeach Leasa Shóisialaigh sa Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh.

NÓ

(ii) (a) ar an dáta a ndéanann siad iarratas do chomórtas a bheith ag tabhairt seirbhíse in acmhainn bhunaithe sa Státseirbhís mar Oifigeach Feidhmiúcháin nó mar Chléireach Siossearach in Oifig Thithe an Oireachtais nó mar Oifigeach Feidhmiúcháin ar iasacht ag FÁS ón státseirbhís,

AGUS

(ii) (b) ar **1 Samhain, 2002** gan níos lú ná trí bliana seirbhíse a bheith curtha díobh acu sa ghrád ina bhfuil siad nó comhiomlán de thrí bliana seirbhíse i ngrád incháilithe nó gan níos lu na cúig bliana seirbhíse ar an iomlán a bheith curtha isteach agus gan níos lú ná dhá bhliain díobh sin i ngrád incháilithe (leagtha amach ag 7(i) (ii)(a)). Comhairfidh seirbhís in iarghráid Oifigeach agus Oifigeach Laistigh de Chustaim agus Máil in Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim mar sheirbhís i ngrád incháilithe.

8 Nil oifigigh ar promhadh i dteideal dul san iomaíocht ach amháin sa chás go mbeidís i dteideal sin dá leanfaidís ag fónamh sa ghrád ina raibh siad roimhe seo agus go raibh siad ag fónamh go leanúnach sa ghrád sin tar éis tréimhse phromhaidh a chomhlíonadh go sásúil (ní airtítear tréimhse saoire speisialta gan phá mar bhriseadh seirbhíse chun na críche seo).

9 Is féidir le hoifigigh atá ar saoire speisialta le pá iarratas a chur isteach, má tá siad cáilithe ar gach dóigh eile. Is féidir go mbeadh oifigigh ar saoire speisialta gan phá (mar shampla chun fónamh leis an Aontas Eorpach) i dteideal cur isteach ar an gcomórtas – ba chóir d'aon Rannóg Phearsanra comhairle a ghlacadh leis an Roinn seo maidir le cásanna ar leith chun a dheimhniú go bhfuil siad clúdaithe faoi Chiorclán 33/91 ón Roinn Airgeadais. Is féidir le hoifigigh ar sos gairme iarratas a dhéanamh má chomhlíonann a sos gairme téarmaí Chiorclán 18/98 na Roinne Airgeadais agus má tá siad incháilithe seachas sin.

Coinníollacha Seirbhíse

10 Mura bhfuil an t-iarrthóir rathúil ag tabhairt seirbhíse cheana mar Ardoifigeach Feidhmiúcháin tairgfear ceapachán den ghrád sin di/dó.

11 Is i gcáil ghníomhach a cheapfar oifigeach ar an gcéad dul síos. Beidh an t-oifigeach a roghnófar ar iasacht sa phost nua ar feadh tréimhse nach faide ná bliain. Má fheictear uair ar bith i rith na tréimhse sin nach bhfuil oifigeach oiriúnach le ceapadh go buan mar Ardoifigeach Feidhmiúcháin sa Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe 7 Gaeltachta beidh ar an oifigeach sin filleadh ar a Roinn bhunaidh agus ar an seanghrád sa Roinn sin.

An Comórtas

12 Beidh ar gach iarrthóir dul faoi scrúdú scríofa cáilithe i nGaeilge. Déanfar roghnú do cheapachán trí agallamh iomaíoch faoi stiúir boird bunaithe ag Coimisiún na Státseirbhíse. Is féidir leis an mbord agallamh a chinneadh, tar éis scrúdú a dhéanamh ar iarratas gach iarrthóra, nach n-iarrfar ach ar líon áirithe iarrthóirí a bheith i láthair ag agallamh. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh an bord dá rogha féin, a éileamh go rachadh iarrthóirí faoi reamhagallamh agus nach n-iarrfadh an bord ach orthu siúd a bhain amach an caighdeán riachtanach a bheith i láthair ag agallamh iomaíoch chun na hiarrthóirí is fearr cáilithe a roghnú do cheapachán.

13. I rangú na n-iarrthóirí a bhreithnítear is fearr cáilithe do cheapachán, tabharfaidh an Coimisiún creidiúint do líofacht i nGaeilge agus i mBéarla de réir Chiorclán 43/75 na Roinne Seirbhíse Poiblí agus Chiorclán 30/90 na Roinne Airgeadais agus aon treoir chuí eile d'iarrthóirí incháilithe do bhronnadh creidiúna den sórt sin ar dháta an agallaimh íomaíoch, no roimhe, nó ar dháta eile a d'fhéadfaí a chomhaontú idir an Taobh Oifigiúil agus Foirne.

Iarratais

14. Ba chóir d'iarrthóirí a bhfoirmeacha iarratais a fháil ó Rannóg Pearsanra na Roinne a bhfuil siad ag tabhairt seirbhíse inti; cuirfidh Coimisiún na Státseirbhíse foirmeacha ar fáil do Rannóga Pearsanra arna n-iarraidh. Ba chóir d'iarrthóirí a bhfoirmeacha iarratais comhlánaithe a sheoladh ar ais díreach chuig an **bPríomhfheidhmeannach, Oifig Choimisinéirí na Státseirbhíse & na gCoimisinéirí um Cheapacháin Áitiúla, Áras Na Caibidle, 26-30 Sráid na Mainstreach Uachtarach, Baile Átha Cliath 1** le bheith ann chomh luath agus is féidir ach gan a bheith ag tráth níos déanaí ná **5.15 p.m. ar an 15 Samhain 2002. Caithfear déanamh go dian de réir an dáta deiridh seo.** Ní mór d'iarrthóirí a n-iarrfar orthu teacht chuig agallamh a bheith ar fáil ar fhógra gairid.

15. Rachaidh Coimisiún na Státseirbhíse i dteagmháil le Rannóga Pearsanra maidir le hiarrthóirí a nglaofar orthu i gcomhair agallaimh. Beidh ar an Oifigeach Pearsanra na nithe seo a leanas a dheimhniú maidir le gach iarrthóir a nglaofar orthu don chéim seo den chomórtas;

- go ndearna sé/sí obair mhaith agus go bhfuil sé/sí sásúil sa ghrád ina bhfuil sé/sí faoi láthair;
- go bhfuil sé/sí sásúil go ginearálta ó thaobh iompair de;
- go gcomhlíonann sé/sí na coinníollacha incháilitheachta atá leagtha amach i ailt 7-9 thuas. agus measúnú ar oiriúnacht an iarrthóra do:-

- cheapachán an phoist a bhfuil iarratas déanta air agus;
- ardú céime más cuí,

ar thoir a sholáthróidh an Coimisiún a sheoladh chuig an gCoimisiún.

16. Ba chóir d'iarrthóirí a thabhairt ar aird nach ndeimhneoidh an Coimisiún incháilitheacht i gcomhair íomaíochais, ná sláinte, ná leibhéal saoire breoiteachta nó go mbeidh iarrthóir á b(h)reithniú don cheapachán. Ní hionann, dá bhrí sin, má ghlactar le hiarrthóir sa chomórtas no má fhaigheann sé/sí áit ar an bpainéal go bhfuil an t-iarrthóir ag comhlíonadh critéir shláinte agus saoire breoiteachta. I mbreithniú oiriúnacht an iarrthóra do cheapachán ó thaobh sláinte agus saoire breoiteachta de, tabharfaidh an Coimisiún aird ar Chiorclán 34/76 na Roinne Seirbhíse Poiblí arna leasú ag Chiorcláin 32/91 agus 33/99 na Roinne Airgeadais. Ní mór d'iarrthóirí a mbíonn amhras orthu maidir le haon ghné dá n-incháilitheacht a seasamh a shoiléiriú lena Rannóg Pearsanra roimh iarratas a dhéanamh.

17 Ba chóir don Rannóg Phearsanra an ciorclán seo a thabhairt faoi aird gach oifigeach incheaptha atá ag feidhmiú i do Roinn (nó i bhFo- Ranna de do Roinn) agus oifigigh atá ar iasacht ó Ranna eile, oifigigh ar saoire máithreachais, sos gairme agus saoire eile den chineál sin a chur san áireamh. Má bhíonn aon cheist ag iarrthóirí faoin gclár seo ba chóir dóibh teagmháil a dhéanamh lena Rannóg Pearsanra. Ba chóir aon cheist ina dhiaidh sin maidir lena n-iarrthóireacht a dhíriú ar Choimisiún na Státseirbhíse.

Is mise le meas,

Seosamh Mac Shamhráin
Runaí Cúnta

Deireadh Fómhair 2002

Sleachta as an bhFoirm Ról-Phróifíle CBFF Reatha

Cuspóir an Phoist

Na scéimeanna Gaeltachta éagsúla atá ag an Roinn a riaradh.

Príomhfheidhmeannas/Freagrachtaí

- **Oibríochtúil**

Beidh an té a cheapfar freagach, faoi stiúir an Stiúrthóra, as riaradh na scéimeanna feabhsúcháin agus cultúrtha atá ag an Roinn.

- **Acmhainní Daonna / Seirbhís Chustaiméirí**

Scéimeanna ar nós: Scéim Labhairt na Gaeilge (SLG), Scéim na bhFoghlaimoírí Gaeilge (SFG); Tiomnú Údaráis; Bóithre Áise; Bóithre Portaigh; Céanna; Áiseanna Caithimh Aimsire. Fosta beidh ionadaíocht le deánamh ar choistí áirithe (Leader, ADM 7 rí.) agus beidh dlúthbhaint ag an Stiúrthóir Cúnta le coistí pobail agus forbartha.

- **Straitéis/Pleanáil**

Beidh sé/sí ag plé leis an phobal ag gach leibhéal agus beidh gá le hardchaighdeán de sheirbhís chustaiméara.

- **Freagrachtaí Breise**

Riaradh na foirne (Oifigeach Cléireachais) agus ag cuidiú leis an Stiúrthóir go ginearálta. Freastal ar chruinnithe.

Príomhchuspóirí fadtéarmacha

Cur chun cinn eacnamaíochta, cultúrtha agus sóisialta na Gaeltachta. Caomhnú na Gaeilge sa Ghaeltacht.

Príomhsheachadtaí don bhliain

Beidh iarratais faoi SLG agus SFG le próiseáil gach bliain. Beidh cláracha oibre bóithre agus ceanna le hullmhú agus le riaradh. Na buiséid éagsúla a bheith caite go héifeachtach.

Fachtóirí Rathúlachta Criticiúla

Comhoibriú ón phobal, comhairle chontae, an fhoireann go háitiúil agus sna Forbacha.

Príomhtháscairí Feidhmíochta

Na hiarratais uilig a bheith próiseáilte faoi SLG agus SFG. Ionadaíocht a bheith deánta go héifeachtach ar na coistí éagsúla. Na custaiméirí a bheith sásta leis an tseirbhís a chuirtear ar fáil dóibh.

Inniúlachtaí don Phost a Aithint

Iompair agus Cáilíochtaí a theastaíonn

- Seirbhís chustaiméara – a bheith cuiditheach;
- Cumarsáid – a dhéanamh go héifeachtach;
- Déanamh cinntí – na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhreithnú agus moltaí a dhéanamh;
- Bainistiú agus forbairt daoine – cur in iúl cad atá ag teastáil;
- Cúram maidir le soiléire agus caighdeán oibre – a bheith cruinn agus eagraithe;
- Dul i gcion ar dhaoine – a bheith in ann daoine a mhealladh agus dul i bhfeidhm orthu;
- Obair foirne – a bheith mar imreoir maith foirne, in ann oibriú go maith le daoine eile;
- Smaointeoireacht Anailíseach – machnamh a dhéanamh ar cheisteanna agus tosaíochtaí a leagan amach.

Eolas agus Scileanna a theastaíonn

- Gaeilge líofa idir labhairt agus scríobh;
- Solúbthacht phearsanta;
- Eolas ar fhadhbanna na Gaeltachta / na nOileán;
- Eolas ar fhorbairt phobail.